**ÁNRA TEAGAISC I ROINN NA GAEILGE**

**(Post Sainchuspóra)**

**SAINCHUNTAS POIST**
**Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta**

## 1. RÉAMHRÁ

Is coláiste Caitliceach neamhspleách Oideachais agus Saorealaíon ar leibhéal ollscoile é Coláiste Mhuire gan Smál. Bunaíodh an coláiste i 1898 agus tá ceangal acadúil idir é agus Ollscoil Luimnigh. Tá sé ar an institiúid ardoideachais is sine i Luimneach.Rinneadh fairsingiú mór ar an gColáiste le roinnt blianta anuas, agus tá méadú tagtha ar na cláir oideachais atá ar fáil sa Choláiste ar dhá champas bhreátha dá réir sin: campas i gcroílár Chathair Luimnigh agus campas eile i nDurlas, Co. Thiobraid Árann. Tá breis is 5,000 foghlaimeoir sa phobal ilghnéitheach mac léinn, agus tá cúig chlár déag fochéime mar aon le réimse leathan clár iarchéime chomh fada le leibhéal na dochtúireachta á gcur ar fáil. Tá réimse leathan gníomhaíochtaí taighde acadúil ghairmiúil ar siúl ag an bhfoireann acadúil, agus is é an taighde sin atá mar bhonn agus mar thaca ag an teagasc agus ag an bhfoghlaim ar fad sa Choláiste.

Tá CMgS ag iarraidh a chuid mac léinn a ullmhú don sármhaitheas gairmiúil agus iad a spreagadh chun saol rafar iomlán a chaitheamh.

## 2. PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA AGUS RAON FEIDHME AN PHOIST

Is mian le Coláiste Mhuire gan Smál, Ánra Teagaisc i Roinn na Gaeilge le saineolas sa Ghaeilge a cheapadh ar chonradh sainchuspóra chun ionadaí a sholáthar do bhall foirne a bheidh ar shaoire reachtúil agus nach gcríochnóidh roimh 28 Samhain 2025 ar a luaithe.

Beidh an post seo lonnaithe i gColáiste Mhuire gan Smál, Campas Phádraig, Durlas.

Faoi stiúir Cheann Roinn na Gaeilge agus Dhéan Dhámh na nDán, beidh ar an té a cheapfar cur le roinn atá gníomhach i gcúrsaí taighde, agus dea-theist acadúil uirthi dá réir sin, a bheith páirteach i múineadh agus stiúradh mac léinn fochéime agus iarchéime trasna an dá dhámh, agus cur le saol acadúil an choláiste.

Beidh ar an té a cheapfar a bheith páirteach i múineadh agus seachadadh modúl i gcláir fochéime agus iarchéime m.sh. An BA sna Saorealaíona, An MA (múinte) sa Ghaeilge, agus modúil roghnacha sna Dána do mhic léinn an Bh.Oid, BAEIRS, BAEIBS, BAEMI. Chomh maith leis sin, beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir tráchtais fochéime a stiúradh. Ina theannta sin, beidh ar an té a cheapfar a bheith páirteach i bhforbairt clár agus leagfar dualgais riaracháin air/uirthi.

Tá sé riachtanach go mbeadh an t-iarrthóir tiomanta do theagasc agus foghlaim d'ardchaighdeán i dtimpeallacht mhac léinn-lárnach, ildisciplíneach. Beidh ar an té a cheapfar fianaise a sholáthar ar thiomantas láidir a bheith aige/aici dona bheith ag obair le comhghleacaithe eile i nDámh na nDán i dtimpeallacht ildisciplíneach. Caithfear fianaise a thaispeáint ar thiomantas do shármhaitheas i dteagasc, i dtaighde agus i ngníomhaíocht leanúnach scolártha. Beidh ardscileanna ag an té a cheapfar i labhairt agus i scríobh na Gaeilge agus beidh sé/sí tiomanta d'úsáid agus cur chun cinn na teanga ar fud an Choláiste.
**Cáilíochtaí & Scileanna Bunriachtanacha** (na scileanna sin nach mbeadh sé ar chumas an iarrthóra an post a dhéanamh dá n-uireasa. Ní chuirfear ar an ngearrliosta ach na hiarratais sin ina léirítear go soiléir go bhfuil na bunriachtanais ag na hiarrthóirí):

1. Cáilíocht ábhartha ag leibhéal máistreachta ar a laghad
2. 2 bhliain de thaithí teagaisc ábhartha
3. Próifíl láidir taighde atá ag teacht le haistear gairme an iarrthóra maraon le fianaise ar thiomantas do shármhaitheas sa taighde agus i gníomhaíocht leanúnach scolártha
4. Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
5. Sárchaighdeán i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
6. Tiomantas don teagasc agus don fhoghlaim ardchaighdeáin i dtimpeallacht ildisciplíneach, mhac léinn lárnaithe
7. Saineolas i dTeanga agus Litríocht na Nua-Ghaeilge.

**Ní mór d'iarratasóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratas conas mar a chomhlíonann siad na réamhriachtanais sin ar fad.**

*Tabhair faoi deara go bhféadfaí go mbeadh tionchar ag an mbeartas rialtais reatha ar athfhostú iarratasóirí a bhfuil pinsean earnála poiblí á fháil acu faoi láthair.*

## 3. CUR SÍOS AR AN BPOST

### Caidreamh Tuairiscithe

Ceanglaítear ar an té a cheapfar na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh faoi réir threorú ginearálta Cheann na Roinne dá dtuairisceoidh sé/sí agus dá mbeidh sé/sí freagrach as comhlíonadh na ndualgas sin ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an té a cheapfar do Cheann na Roinne, do Dhéan na nDán agus d'Uachtarán an Choláiste agus/nó d'Oifigeach ar bith eile den Choláiste a d'fhéadfadh an tUachtarán a ainmniú ó am go ham. Tuirisceoidh an té a cheapfar don Leas-Déan. CMgS, Campas Phádraig, Durlas, chomh maith.

Beidh sé/sí i dteagmháil le Cinn Roinne agus leo siúd a bhfuil post ceannaireachta nó bainistíochta acu i nDámh na nDán, leis an Leas-Déan, agus le pearsanra eile an Choláiste agus le comhlachtaí ábhartha sa Choláiste agus é/í i mbun na ndualgas a bhaineann leis an bpost seo.

I gcás aon dúbláil i dtéarmaí na ndualgas agus na bhfreagrachtaí atá ag sealbhóirí poist eile sa Choláiste, is é Uachtarán an Choláiste a thabharfar breith ar an gceist.

Féadfar leasú a dhéanamh ar an gcaidreamh tuairiscithe i gcomhréir le riachtanais seirbhísí agus forbairtí sa Choláiste.

**Dualgais agus Freagrachtaí**

1. Teagasc agus measúnú ar leibhéal fochéime agus iarchéime. Cláir/modúil a dhearadh, teagasc, ceardlanna a reáchtáil, obair mheasúnaithe, tionscadail taighde a stiúradh
2. Feitheoireacht a dhéanamh ar mhic léinn atá ar shocrúchán oibre
3. Straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt
4. Siollabais, curaclaim agus cláir a dhearadh
5. Dualgais riaracháin acadúla a chomhlíonadh agus a bheith rannpháirteach i gcruinnithe Roinn na Gaeilge agus in obair Dhámh na nDán, freastal ar chruinnithe Roinn na Gaeilge, Dhámh na nDán, Scoil an Iar-bhunoideachais, agus grúpaí eile sa Choláiste.
6. Freastal ar gach cruinniú de Bhord na Scrúduithe agus a bheith rannpháirteach iontu
7. Comhairliúchán a dhéanamh le mic léinn agus leis an bpobal níos leithne
8. A bheith rannpháirteach i dtionscadail agus ar choistí ábhartha

Cuimseofar leis na dualgais chomh maith obair a dhéanamh ar chláir fochéime an Choláiste de réir mar is gá, mar aon le cláir iarchéime ag leibhéal dioplóma, máistreachta agus PhD. Ina theannta sin, beidh ar an té a cheapfar a bheith rannpháirteach sna cláir sin a shocróidh an Coláiste dó i gcomhar leis an Ollscoil.

Ní liosta iomlán é an liosta sin de na dualgais agus na freagrachtaí. Ní bhaineann feidhmiú réimse iomlán na ndualgas le haon duine amháin, mar éilítear leis an obair go mbeidh na baill foirne ag feidhmiú ar bhealach solúbtha agus go gcomhoibreoidh siad le chéile mar fhoireann. Coimeádann an Coláiste de cheart aige féin dualgais nua a shannadh agus/nó baill foirne a athshannadh ar réimsí eile den Choláiste mar fhreagairt ar riachtanais seirbhíse.

## 4. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

**Ginearálta**

Síneoidh gach fostaí conradh oiriúnach ina leagfar amach téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta. Cuirtear cur síos ar an bpost ar fáil do gach iarratasóir, agus beidh an cur síos sin ina chuid de dhoiciméadúchán an chonartha.

**Ionad oibre**

Is é Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ionad oibre an té a cheapfar cé go bhféadfadh sé go mbeadh riachtanas ann ó am go chéile cláir a sheachadadh ar ár gcampas i nDurlas. Coimeádann an Coláiste de cheart aige féin iarraidh ar an té sin dul ag obair in ionad eile. Éilíonn an Coláiste go mbeidh an té a cheapfar ina c(h)ónaí laistigh d’achar réasúnta ón gColáiste.

**Eisiachas seirbhíse agus obair sheachtrach**

Éileofar ar an té a cheapfar lán a (h)airde agus a c(h)umais a thabhairt ar dhualgais an phoist i rith uaireanta oibre an Choláiste agus gníomhú ar mhaithe leis an gColáiste an t-am go léir. Dá bhrí sin, fad atá an té a cheapfar ag obair sa Choláiste, ní féidir leis/léi, gan cead i

scríbhinn a fháil ón gColáiste roimh ré, a bheith rannpháirteach ná gabháil d'aon ghnó nó d'aon ghnóthas eile, go díreach nó go hindíreach, i gcás ina mbeidh sé sin nó i gcás inar dhócha go mbeadh sé sin ag teacht salach ar leas an Choláiste nó ar fheidhmíocht na ndualgas atá le comhlíonadh ag an té sin faoi na téarmaí fostaíochta.

Lasmuigh de léachtaí a thabhairt in áiteanna eile ó am go chéile, agus leabhair agus ábhair liteartha eile a scríobh ó am go chéile, ní dhéanfaidh an té a cheapfar, i rith na fostaíochta, aon obair sheachtrach ar íocaíocht mura bhfuil cead faighte aige/aici ón Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla obair den tsaghas sin a dhéanamh de réir téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar don ghnóthas áirithe i gceist. I ngach cás, is faoin té a cheapfar atá sé cead roimh ré a lorg i scríbhinn ón Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla. Is faoin té a cheapfar chomh maith, i ngach cás, a chur in iúl don duine nó don chomhlacht dá bhfuil an obair á déanamh go bhfuil an obair á déanamh i gcáil phríobháideach agus nach mbeidh an Coláiste freagrach as an obair sin ar aon bhealach faoin spéir.

**<u>Tréimhse Phromhaidh</u>**

Tá an ceapachán faoi réir tréimhse phromhaidh chaighdeánach 9 mí a chomhlíonadh go rathúil.  Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh faoi rogha an Choláiste, ach ní bheidh an tréimhse níos faide ná 11 mhí i gcás ar bith.  Cuirfear síneadh leis an tréimhse phromhaidh mar thoradh ar an mball foirne a bheith as láthair ón obair lena linn.   Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar i rith na tréimhse promhaidh trí phróiseas cruinnithe measúnaithe.  Beidh foirceannadh na fostaíochta sa tréimhse phromhaidh faoi rogha an Choláiste.  Beidh leagan giorraithe den nós imeachta smachta i bhfeidhm i gcás fostaithe atá ar promhadh agus atá fostaithe ag an gColáiste le níos lú ná 12 mhí.

**<u>Uaireanta Oibre</u>**

39 uair an chloig sa tseachtain nó 7.8 uair an chloig sa lá, ó Luan go hAoine, a bheidh sa ghnáthsheachtain oibre.  Beifear ag súil go mbeidh an té a cheaptar i láthair de ghnáth agus ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn araon i rith ghnáthuaireanta an Choláiste ó Luan go hAoine. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an te a cheaptar obair istoíche agus ag an deireadh seachtaine ó am go ham.

Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne acadúla seoladh ríomhphoist CMgS a thabhairt do mhic léinn ar ar féidir teagmháil a dhéanamh leo. Is gá dóibh chomh maith uimhir theileafóin a thabhairt d'Údaráis an Choláiste ar ar féidir teagmháil a dhéanamh leo lasmuigh den seimeastar. Mar sin féin, ní thabharfaidh Údaráis an Choláiste na huimhreacha teileafóin teagmhála sin do na mic léinn i gcás ar bith.

**<u>Tuarastal</u>**

Tá an scála tuarastail don phost seo faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir Bheartas an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí.  Ar aon dul le gach brainse eile den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, ní cheadaítear margáil aonair a dhéanamh chun méadú tuarastail a bhaint amach.  Déanfar an ceapachán ag pointe ar an scála tuarastail de réir bheartas pá reatha an Rialtais. Ar phointe iontrála ar an scála tuarastail a thosóidh iontrálaithe nua sa Státseirbhís nó san Earnáil Phoiblí mar atá sainithe i gCiorclán 18/2010.

Le feidhm ó 1 Márta 2025, is é seo an scála tuarastail bhliantúil d'Ánra Teagaisc:

€38,008; €40,126; €41,060; €42,945, €44,130; €45,464; €46,716; €47,978; €48,948; €51,427

Bronntar incrimintí de réir comhaontuithe náisiúnta pá.

Íocfar an tuarastal ar bhonn míosúil ar an 25ú lá de gach mí, nó ar an Aoine roimhe sin más ag an deireadh seachtaine a thiteann an 25ú lá, leis an tsaoráid Paypath. Tá íocaíocht tuarastal agus pá faoi réir asbhaintí reachtúla .i. Cáin Ioncaim (ÍMAT), Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC), agus an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU).

**Aoisliúntas**

Beidh ar iontrálaithe nua a cheapfar a bheith rannpháirteach sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ar na rátaí cuí de réir fhorálacha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tá sonraí na scéime sin le fáil ar láithreán gréasáin an Choláiste.

Cuimsítear gach duine incháilithe eile le Scéim Pinsean na gColáistí Oideachais go huathoibríoch ar a gceapachán. I gcomhréir le Scéim Pinsean na gColáistí Oideachais, déantar asbhaintí dar luach 6.5% a bhaint den tuarastal. Tá sonraí ar na rialacháin a bhaineann le Scéim Pinsean na gColáistí Oideachais le fáil ó Oifig Acmhainní Daonna an Choláiste.

Ní bheidh aois scoir éigeantach ag daoine a chuir tús lena gcuid oibre sa tseirbhís phoiblí idir an 1 Aibreán 2004 agus an 31 Nollaig 2012 agus nach raibh sos fostaíochta acu de thréimhse ama níos faide ná sé mhí. 70 bliana an aois scoir éigeantach a bheidh ag gach duine eile a cheapfar.

Baill foirne nach bhfuil incháilithe ar Scéim Pinsean na gColáistí Oideachais ná ar Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féadfaidh siad leas a bhaint as Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA). Tá soláthraí sainithe PRSA ainmnithe ag an gColáiste, agus ba cheart do bhaill foirne nach bhfuil incháilithe ar na scéimeanna thuas dul i dteagmháil leis an Oifig Airgeadais chun tuilleadh faisnéise a fháil ar PRSA.

Ceanglófar chomh maith ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a íoc faoi fhorálacha an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhísí Poiblí, 2017.

**Laghdú Pinsin**

Má bhí ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus go bhfuil an ceapaí sin i dteideal pinsin nó ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás ina dtagann pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí isteach in íocaíocht le linn athfhostaíocht an cheapaí go mbeidh an pinsean faoi réir lacáiste de réir Alt 52 den Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012.

Tabhair faoi deara le do thoil: Agus iarratas á dhéanamh acu ar an bpost seo, tá iarratasóirí ag admháil go dtuigeann siad go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, i gcás inarb ábhartha. Níl sé i gceist go dtacóidh an Coláiste le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapachán sa phost seo.

**Saoire Bhliantúil**

Anuas ar laethanta saoire poiblí, ceadófar 20 lá oibre ar a laghad in aghaidh na bliana. Ba cheart saoire bhliantúil a ghlacadh nuair nach mbíonn mic léinn i láthair ar an gcampas, agus is gá don Bhainisteoir Líne ábhartha an tsaoire a fhaomhadh roimh ré.
Ceadaítear Laethanta Saoire Poiblí de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

**Saoire Bhreoiteachta**

Féadfar pá breoiteachta a cheadú d'fhostaithe a bhfuil fostaíocht leanúnach 3 mhí ar a laghad sa Choláiste acu faoi réir théarmaí Scéim Pá Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí. Bíonn pá breoiteachta ag brath ar chomhoibriú iomlán agus ar chomhlíonadh iomlán nósanna imeachta an Choláiste chun asláithreacht a bhainistiú.

**Foirceannadh Fostaíochta**

Féadfar éirí as an bpost seo ach fógra dhá mhí féilire ar a laghad a thabhairt i scríbhinn. Ar fhoirceannadh na fostaíochta agus roimh dóibh an Coláiste a fhágáil, ní mór do bhaill foirne a thabhairt ar ais don Choláiste gach leabhar, tuarascáil, meabhrán, comhfhreagras, páipéar, taifead, tuairisc, comhad lena n-áirítear sonraí i gcomhaid leictreonacha, diosca ríomhaire, diosca atá taifeadta go leictreonach, agus gach doiciméadúchán eile, agus gach maoin eile, lena n-áirítear eochracha oifigí, ar leis an gColáiste iad nó a bhaineann lena ghnó nó lena ghnóthaí atá i seilbh baill foirne nó faoina c(h)úram nuair a dhéantar an fhostaíocht a fhoirceannadh.

**Rúndacht**

Le linn dó/di a bheith ag obair i gColáiste Mhuire gan Smál, d'fhéadfaí go mbeadh rochtain ag an té a cheapfar ar fhaisnéis, nó d'fhéadfaí go gcloisfeadh sé/sí faisnéis, maidir le baill foirne agus/nó mic léinn agus/nó feidhmiú agus gnó an Choláiste. Meastar gur faisnéis rúnda atá in aon fhaisnéis, lena n-áirítear aon ghné de fhreagrachtaí nó d'fheidhmíochtaí an Choláiste, a fhaightear le linn na fostaíochta sa Choláiste. Ní fhéadfar faisnéis a bhaineann le mic léinn, baill foirne nó gnó ar bith eile den Choláiste a nochtadh ná a phlé ar chuntar ar bith ach amháin i bhfeidhmiú na ngnáthdhualgas agus ní chuirfear an fhaisnéis sin in iúl do thríú páirtithe mura bhfuil údarás ann é sin a dhéanamh. Ina theannta sin, ní fhéadfar taifid a fhágáil sa chaoi is go bhféadfadh daoine neamhúdaraithe iad a rochtain agus is gá taifid a choimeád go slán sábháilte nuair nach mbíonn siad ag teastáil a thuilleadh.

**Sláinte & Sábháilteacht**

Tá sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ríthábhachtach ar fad do Choláiste Mhuire gan Smál. Tá sé de dhualgas ar gach fostaí cúram réasúnta a ghlacadh a s(h)láinte agus a s(h)ábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile, san ionad oibre a chosaint. Ní mór do gach fostaí cloí le gach beartas agus nós imeachta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm i gColáiste Mhuire gan Smál, agus eolas a chur ar an Ráiteas Sábháilteachta.

Ní mór d'fhostaithe aon Trealamh Cosanta Pearsanta a thugtar dóibh a chaitheamh, agus ní chuirfidh duine ar bith isteach ar aon fhearas, éadaí cosanta nó trealamh eile a chuirtear ar fáil san ionad oibre chun críocha sláinte agus sábháilteachta, ná ní bhainfidh sé/sí mí-úsáid astu, d'aon turas ná go meargánta. Ceanglaítear go reachtúil/dlíthiúil ar fhostaithe a áirithiú go ndéantar aon timpiste/tarlúint a thuairisciú gan mhoill don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar Fhoirm Tuairiscithe CMgS ar Thimpiste/ar Tharlúint.

**Beartais, Rialacha agus Rialacháin an Choláiste**
Fostóir earnála poiblí is ea an Coláiste agus tá sé faoi cheangal ag Comhaontuithe Náisiúnta. Ina theannta sin, tá sé faoi cheangal ag rialacháin, ag ciorcláin, agus ag treoracha a éisítear thar ceann an Rialtais ag an Roinn Airgeadais, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ag an Údarás um Ard-Oideachas.

Bíonn fostaithe faoi réir fhorálacha an Chóid Iompair do Bhaill Foirne, bheartais, rialacha agus rialacháin an Choláiste i gcónaí. Áirítear leis na beartais sin ach gan a bheith teoranta dóibh Beartais Smachta agus Chasaoide, Dínit ag an Ionad Oibre, Rialacha agus Rialacháin Scrúduithe, an Beartas maidir le hÚsáid Fhreagrach Ríomhairí, agus Úsáid Acmhainní Teicneolaíochta Faisnéise. Ní mór do gach fostaí é/í féin a chur ar an eolas faoi ábhar na bPolasaithe agus na Nósanna Imeachta, atá ar fáil ar Thairseach Foirne an Choláiste.

## 5. PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

**Modh Roghnúcháin don Cheapachán**

*Gearrliostú*
Tiocfaidh sainghrúpa le chéile chun gearrliostú a dhéanamh de na hiarratasóirí ar fad, bunaithe ar na critéir réamhdhearbhaithe don phost.

*Is iad na critéir a úsáidfear chun iarrthóirí a chur ar ghearrliosta don cheapachán seo ná:*

- Cáilíocht ábhartha ag leibhéal máistreachta
- 2 bhliain de thaithí teagaisc ábhartha
- Saineolas i dTeanga agus Litríocht na Nua-Ghaeilge.
- Tiomantas don teagasc agus don fhoghlaim ardchaighdeáin i dtimpeallacht ildisciplíneach, mhac léinn lárnaithe
- Sárchaighdeán i labhairt agus i scríobh na Gaeilge

Is mó an líon iarratas a fhaightear ar phost ná an líon iarratas is gá chun an folúntas a líonadh de gnáth. In ainneoin go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, dá mbeadh an líon sin iarratas ar an bpost ann nach bhféadfaí go praiticiúil gach aon iarrthóir a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh an Coláiste a chinneadh nach gcuirfí faoi agallamh ach líon áirithe iarrthóirí. Ní hionann é sin agus a rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach don phost. Is é atá ann ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann agus dealraíonn sé, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Mar sin, is den riachtanas é go gcinnteoidh gach aon iarratasóir go gcuirfidh sé/sí an fhaisnéis ábhartha go léir san iarratas agus go léireoidh sé/sí go soiléir conas mar a chomhlíonann sé/sí na critéir atá sainithe don phost.

*Agallamh*
Déanfaidh Bord Agallaimh moladh maidir le ceapachán. Beidh an ceapachán bunaithe ar an moladh seo, ach amháin nuair is gá an cinneadh a athrú mar thoradh ar chúrsaí sláinte nó taifead mí-oiriúnach i bhfostaíocht roimhe seo.) Bunófar painéal ónar féidir ceapacháin shealadacha don phost mar Ánra Teagaisc i Roinn na Gaeilge a líonadh le linn shaolré an phainéil (24 mhí).

Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a sholáthar faoin oiliúint agus faoin dtaithí atá luaite acu, más gá.

**Measúnú Sláinte Réamhfhostaíochta**D'fhéadfaí go n-iarrfar ar iarrthóirí rathúla, roimh a gceapachán, dul faoi scagthástáil sláinte réamhfhostaíochta chun na riachtanais maidir le sláinte a chomhlíonadh.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**
Beidh ar gach iarratasóir rathúil dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Cuirfear treoracha soiléire faoin bpróiseas ar fáil in am trátha. Cuirfear as an áireamh don gceapachán iarrthóirí nach gcloíonn le riachtanais an Choláiste ina leith sin. Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn ar feadh tréimhse carnach 36 mhí nó atá os cionn 18 mbliana d'aois Imréiteach Póilíní Eachtrach (FPC) a chur ar fáil ón tír nó ó na tíortha cónaithe. Tabhair FAOI DEARA; íocfaidh an t-iarratasóir aon chostais a thabhófar sa phróiseas seo.

**Iarratasóirí Lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)**
Fáiltíonn Coláiste Mhuire gan Smál roimh iarratais ó iarrthóirí lasmuigh den LEE, ach ba cheart do na hiarratasóirí seo iad féin a chur ar an eolas faoi bheartas ábhartha an Rialtais sula ndéanann siad iarratas. Tá tuilleadh eolais ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil anseo: Beartas imirce eacnamaíoch - DETE (enterprise.gov.ie)

**Iarratas a dhéanamh**
Is gá iarratais a chur isteach ar fhoirm iarratais oifigiúil i bhfoirm chlóscríofa. Ní ghlacfar le hiarratais atá scríofa de láimh nó ní ghlacfar le hiarratais atá neamhiomlán. Is féidir foirmeacha iarratais don phost seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál www.mic.ul.ie/about-mic/vacancies. Líon isteach an fhoirm iarratais ina hiomláine agus seol isteach í chuig recruitment@mic.ul.ie agus **Ánra Teagaisc i Roinn na Gaeilge** mar theideal roimh:

**2.00 i.n., Déardaoin, 7 Lúnasa 2025**

Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

Seolfar admháil ar iarratas laistigh de 2 lá oibre tar éis chur isteach an iarratais. Déan cinnte féachaint sa Turscar agus sa Dramhphost mar d'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaí an admháil a sheoladh ann bunaithe ar shainroghanna do chuntais ríomhphoist. Más rud é nach bhfaigheann tú admháil laistigh de 2 lá oibre tar éis an t-iarratas a chur isteach, déan teagmháil leis an Oifig Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig hr@mic.ul.ie. Ní bheidh an Coláiste freagrach as aon chostais, costais taistil san áireamh, a thabhaíonn iarrthóirí i dtaca lena n-iarratas.

Dícháileofar iarrthóirí de bharr canbhasála. Dícháileofar ón gcomórtas aon iarrthóir a dhéanfaidh iarracht, go pearsanta nó trí aon duine eile ag gníomhú ar a s(h)on, canbhasáil nó dul i bhfeidhm ar bhealach eile ar thoradh an phróisis roghnúcháin/agallaimh i bhfabhar dó/di féin. Tabharfar neamhaird ar aon aighneachtaí a dhéanfar ar son iarrthóra i ngan fhios dó/di.

*Is fostóir comhionannas deiseanna é Coláiste Mhuire gan Smál. Bronnadh dámhachtain Institiúid Cré-umha Athena SWAN ar Choláiste Mhuire gan Smál mar aitheantas dár*

*dtiomantas comhionannas agus deiseanna a chur chun cinn do chách san ardoideachas.*

***Iúil 2025***